

Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

**►B RIALACHÁN (AE) 2020/1783 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 25 Samhain 2020**

maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát le linn fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála (fianaise a ghlacadh)

(athmhúnlú)

(IO L 405, 2.12.2020, lch. 1)

Arna cheartú le:

► **C1** Ceartúchán, IO L 90050, 26.10.2023, lch. 1 (2020/1783)

► **C2** Ceartúchán, IO L 90158, 7.3.2024, lch. 1 (2020/1783)

▼B**RIALACHÁN (AE) 2020/1783 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA
AGUS ÓN gCOMHAIRLE****an 25 Samhain 2020****maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát le linn fianaise a
ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála (fianaise a ghlacadh)****(athmhúnlú)**

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA*Airteagal 1***Raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo in ábhair shibhialta nó thráchtála ina n-iarrann cúirt Bhallstáit, i geomhréir le dlí an Bhallstáit sin:

(a) ar chúirt inniúil Bhallstáit eile fianaise a ghlacadh; nó

(b) go nglacfaí fianaise go díreach i mBallstát eile.

2. Ní dhéanfar iarraidh ar fhianaise a fháil nach bhfuil sé i gceist a úsáid in imeachtaí breithiúnacha atá tosaithe cheana féin nó atá á mbeartú.

*Airteagal 2***Sainmhínte**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte a leanas:

(1) ciallaíonn “cúirt” cúirteanna agus údaráis eile i mBallstáit arna gcur in iúl don Choimisiún faoi Airteagal 31(3), a fheidhmíonn feidhmeanna breithiúnacha, a ghníomhaíonn de bhun tarmligeán cumhachta ó údarás breithiúnach nó a ghníomhaíonn faoi rialú údaráis bhreithiúnaigh, agus atá inniúil faoin dlí náisiúnta chun fianaise a ghlacadh chun críoch imeachtaí breithiúnacha in ábhair shibhialta nó thráchtála;

(2) ciallaíonn “córas TF díláraithe” líonra de chórais náisiúnta TF agus pointí rochtana idir-inoibritheacha a oibríonn faoi fhreagracht aonair agus faoi bhainistíocht gach Ballstáit, lena gcumasaítear faisnéis a mhalartú thar theorainneacha go slán iontaofa idir na córais náisiúnta TF.

*Airteagal 3***Tarchur díreach idir na cúirteanna**

1. Is í an chúirt a bhfuil na himeachtaí tionscanta nó beartaithe os a comhair (“cúirt iarrthach”) a tharchuirfidh iarrataí dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 1(1) go díreach chuig cúirt inniúil Ballstáit eile (“cúirt iarrtha”) chun fianaise a ghlacadh.

▼B

2. Déanfaidh gach Ballstát liosta a dhréachtú de na cúirteanna atá inniúil chun fianaise a ghlacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo. Léireofar sa liosta freisin dlínse chríochach agus, i gcás inarb infheidhme, dlínse speisialta na gcúirteanna sin.

*Airteagal 4***Comhlacht lárnach**

1. Ainmneoidh gach Ballstát comhlacht lárnach a bheidh freagrach as an méid seo a leanas:

- (a) faisnéis a sholáthar do na cúirteanna;
- (b) réitigh a lorg ar aon deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le hiarraidh;
- (c) iarraidh a chur ar aghaidh, i gcásanna eisceachtúla, chuig an gcúirt inniúil arna iarraidh sin do chúirt iarrthach.

2. Beidh saoirse ag Ballstáit fheidearálacha, Ballstáit ina bhfuil dlíchórais éagsúla i bhfeidhm agus Ballstáit a bhfuil aonaid chríochacha fhéinrialaithe iontu níos mó ná comhlacht lárnach amháin a ainmniú.

3. Ainmneoidh gach Ballstát freisin an comhlacht lárnach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le hiarrataí arna ndéanamh de bhun Airteagal 19.

CAIBIDIL II

IARRATAÍ A THARCHUR AGUS A FHORGHNÍOMHÚ*ROINN I****Tarchur na n-iarrataí****Airteagal 5***Foirm agus inneachar na n - iarrataí**

1. Déanfar iarrataí agus úsáid á baint as foirm A nó, i gcás inarb iomchuí, as foirm L in Iarscríbhinn I. Beidh na sonraí seo a leanas i ngach iarraidh:

- (a) an chúirt iarrthach agus, i gcás inarb iomchuí, an chúirt iarrtha;
- (b) ainmneacha agus seoltaí na bpáirtithe sna himeachtaí agus a n-ionadaithe, más ann dóibh;
- (c) cineál agus ábhar an cháis agus ráiteas gearr faoi na fíorais;
- (d) tuairisc ar ghlacadh na fianaise arna hiarraidh;
- (e) i gcás gur iarraidh é ar cheistiú duine:

— ainm agus seoladh an duine atá le ceistiú,

— na ceisteanna atá le cur ar an duine atá le ceistiú nó ráiteas faoi na fíorais a gceisteofar an duine sin ina dtaobh,

▼B

- i gcás inarb iomchuí, tagairt don cheart chun diúltú fianaise a thabhairt faoi dhlí Bhallstát na cúirte iarrthaí,
 - aon cheanglas go ndéanfar an ceistiú faoi mhionn nó faoi dhearbhasc seachas mionn, agus aon fhoirm speisialta a bheidh le húsáid le haghaidh mionn nó dearbhasc den sórt sin,
 - i gcás inarb iomchuí, aon fhaisnéis eile a mheasann an chúirt iarrthach a bheith riachtanach;
- (f) i gcás gur iarraidh é ar aon chineál glactha fianaise seachas an ceann a luaitear i bpointe (e), na doiciméid nó na nithe eile a bheidh le hiniúchadh;
- (g) i gcás inarb iomchuí, aon iarraidh de bhun Airteagal 12(3) nó (4), nó Airteagal 13 nó 14 agus aon fhaisnéis a bhfuil gá léi chun í a fhorgníomhú.
2. Beidh an iarraidh agus na doiciméid uile a ghabhann léi díolmhaithé ón ngá fíordheimhniú nó aon fhoirmiúlacht choibhéiseach a dhéanamh.
3. Na doiciméid a mheasann an chúirt iarrthach gur gá iad a chur i gceangal chun go bhforghníomhfar an iarraidh, beidh aistriúchán ar na doiciméid sin sa teanga inar scríobhadh an iarraidh ag gabháil leo.

*Airteagal 6***Teanga**

Maidir le hiarrataí agus teachtaireachtaí a dhéantar de bhun an Rialacháin seo, déanfar iad a tharraingt suas i dteanga oifigiúil an Bhallstáit iarrtha nó, má tá roinnt teangacha oifigiúla sa Bhallstát sin, i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla na háite ina ndéanfar an glacadh fianaise a iarradh, nó i dteanga eile ar léirigh an Ballstát sin go nglacfaidh sé léi.

Cuirfidh gach Ballstát in iúl don Choimisiún aon teanga oifigiúil de chuid an Aontais seachas a theanga féin ina bhféadfar na foirmeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chomhlánú.

*Airteagal 7***Iarrataí agus teachtaireachtaí eile a tharchur**

1. Maidir le hiarrataí agus teachtaireachtaí a dhéantar de bhun an Rialacháin seo, tarchuirfear iad trí chóras TF slán iontaofa agus urraim chuí á tabhairt do chearta bunúsacha agus do shaoirsí bunúsacha. Beidh an córas TF díláraithe sin bunaithe ar réiteach idir-inoibritheach amhail e-CODEX.
2. An creat dlí ginearálta le haghaidh úsáid seirbhísí iontaoibhe cáilithe a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, beidh feidhm aige maidir leis na hiarrataí agus na teachtaireachtaí arna dtarchur tríd an gcóras TF díláraithe.
3. I gcás inar gá séala nó síniú lámhscríofa le haghaidh iarrataí agus teachtaireachtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, nó i gcás ina bhfuil séala nó síniú lámhscríofa ina chuid díobh, féadfar ríomhshéalaí cáilithe nó ríomhshínithe cáilithe, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, a úsáid ina ionad.

▼B

4. I gcás nach féidir tarchur a dhéanamh i gcomhréir le mír 1 mar gheall ar chur isteach ar an gcóras TF díláraithe nó mar gheall ar chineál na fianaise lena mbaineann, nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla, déanfar an tarchur ar na modhanna malartacha is tapúla agus is iomchuí, agus an gá atá le hiontaofacht agus slándáil a áirithiú á chur san áireamh.

*Airteagal 8***Éifeachtaí dlíthiúla ríomhdhoiciméad**

Maidir le doiciméid a tharchuirfear tríd an gcóras TF díláraithe, ní shéanfar éifeacht dhlíthiúil orthu ná ní mheasfar iad a bheith neamh-inghlactha mar fhianaise in aon imeachtaí ar an bhforas, agus ar an bhforas sin amháin, gur i bhfoirm leictreonach atá siad.

*ROINN 2****Iarrataí a fháil****Airteagal 9***Iarrataí a fháil**

1. Laistigh de 7 lá tar éis iarraidh a fháil, seolfaidh an chúirt inniúil iarrtha admháil fála chuig an gcúirt iarrthach trí úsáid a bhaint as foirm B in Iarscríbhinn I. I gcás nach gcomhlíonann an iarraidh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 6 agus 7, cuirfidh an chúirt iarrtha nóta chuige sin san admháil fála.

2. I gcás nach bhfuil dlínse ag an gcúirt iarrtha chun iarraidh a fhorghníomhú, iarraidh arna déanamh trí úsáid a bhaint as foirm A in Iarscríbhinn I, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6, cuirfidh an chúirt sin an iarraidh ar aghaidh chuig cúirt inniúil a Ballstáit agus cuirfidh sí an chúirt iarrthach ar an eolas faoi sin trí úsáid a bhaint as foirm C in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 10***Iarrataí neamhiomlána**

1. Mura féidir iarraidh a fhorghníomhú toisc nach bhfuil an fhaisnéis uile dá dtagraítear in Airteagal 5 inti, cuirfidh an chúirt iarrtha an chúirt iarrthach ar an eolas faoi sin gan mhoill agus, ar a dhéanaí, laistigh de 30 lá tar éis an iarraidh a fháil trí úsáid a bhaint as foirm D in Iarscríbhinn I, agus iarfaidh sí ar an gcúirt iarrthach an fhaisnéis atá in easnamh a sheoladh, agus an fhaisnéis atá in easnamh á sonrú aici ar an mbealach is cruinne agus is féidir.

2. Mura féidir iarraidh a fhorghníomhú toisc gur iarradh éarlais nó réamhíocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 22(3), cuirfidh an chúirt iarrtha an chúirt iarrthach ar an eolas faoi sin gan mhoill, ar a dhéanaí laistigh de 30 lá tar éis an iarraidh a fháil trí úsáid a bhaint as foirm D in Iarscríbhinn I, agus cuirfidh sí an chúirt iarrthach ar an eolas i dtaobh conas a dhéanfar an éarlais nó an réamhíocaíocht. Admhóidh an chúirt iarrtha gan mhoill go bhfuarthas an éarlais nó an réamhíocaíocht, ar a dhéanaí laistigh de 10 lá tar éis an éarlais nó an réamhíocaíocht a fháil, trí úsáid a bhaint as foirm E in Iarscríbhinn I.

▼B*Airteagal 11***An iarraidh a chomhlánú**

1. Má tá sé luaite ag an gcúirt iarrtha ar an admháil fála de bhun Airteagal 9(1) nach gcomhlíonann an iarraidh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6 agus 7 nó má chuir sí an chúirt iarrthach ar an eolas de bhun Airteagal 10 nach féidir an iarraidh a fhorghníomhú toisc nach bhfuil an fhaisnéis uile is gá dá dtagraítear in Airteagal 5 inti, cuirfear tús leis an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 12 nuair a gheobhaidh an chúirt iarrtha an iarraidh arna comhlánú go cuí.

2. I gcás inar iarr an chúirt iarrtha éarlais nó réamhíocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 22(3), cuirfear tús leis an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 12 nuair a dhéanfar an éarlais nó an réamhíocaíocht.

*ROINN 3****Glacadh fianaise ag an gcúirt iarrtha****Airteagal 12***Forálacha ginearálta maidir le hiarraidh a fhorghníomhú**

1. Déanfaidh an chúirt iarrtha an iarraidh a fhorghníomhú gan mhoill agus, ar a dhéanaí, laistigh de 90 lá tar éis an iarraidh a fháil.

2. Déanfaidh an chúirt iarrtha an iarraidh a fhorghníomhú i gcomhréir lena dlí náisiúnta.

3. Féadfaidh an chúirt iarrthach a iarraidh go ndéanfar an iarraidh a fhorghníomhú i gcomhréir le nós imeachta speisialta dá bhforáiltear ina dlí náisiúnta, trí úsáid a bhaint as foirm A in Iarscríbhinn I. Déanfaidh an chúirt iarrtha an iarraidh sin a fhorghníomhú i gcomhréir leis an nós imeachta speisialta ach amháin i gcás nach mbeadh sé ag luí lena dlí náisiúnta dá ndéanfaí amhlaidh nó i gcás nach bhfuil sí in ann déanamh amhlaidh mar gheall ar mhórdheacrachtaí praiticiúla. Mura gcomhlíonann an chúirt iarrtha an glao go ndéanfar an iarraidh a fhorghníomhú i gcomhréir le nós imeachta speisialta ar cheann de na cúiseanna sin, cuirfidh sí an chúirt iarrthach ar an eolas faoi sin trí úsáid a bhaint as foirm H in Iarscríbhinn I.

4. Féadfaidh an chúirt iarrthach a iarraidh ar an gcúirt iarrtha úsáid a bhaint as teicneolaíocht chumarsáide shonrach le linn fianaise a ghlacadh, go háirithe trí úsáid a bhaint as físchomhdháil nó teileachomhdháil.

Úsáidfidh an chúirt iarrtha an teicneolaíocht chumarsáide a shonraítear de bhun na chéad fhomhíre ach amháin i gcás nach mbeadh sé ag luí lena dlí náisiúnta dá ndéanfaí amhlaidh nó i gcás nach bhfuil an chúirt iarrtha in ann déanamh amhlaidh mar gheall ar mhórdheacrachtaí praiticiúla.

Mura n-úsáideann an chúirt iarrtha an teicneolaíocht chumarsáide sonraithe ar cheann de na cúiseanna sin, cuirfidh sí an chúirt iarrthach ar an eolas faoi sin trí úsáid a bhaint as foirm H in Iarscríbhinn I.

Mura bhfuil an teicneolaíocht chumarsáide dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fáil sa chúirt iarrthach nó sa chúirt iarrtha, féadfaidh na cúirteanna sin teicneolaíocht chumarsáide den sórt sin a chur ar fáil trí chomhaontú frithpháirteach.

▼B*Airteagal 13***Glacadh fianaise agus na páirtithe i láthair agus lena rannpháirtíocht**

1. Má foráiltear amhlaidh i ndlí Bhallstáit na cúirte iarrthaí, beidh sé de cheart ag na páirtithe agus a n-ionadaithe, más ann dóibh, a bheith i láthair le linn don chúirt iarrtha fianaise a ghlacadh.

2. Ina hiarraidh, cuirfidh an chúirt iarrthach an chúirt iarrtha ar an eolas, trí úsáid a bhaint as foirm A in Iarscríbhinn I, go mbeidh na páirtithe, agus a n-ionadaithe, más ann dóibh, i láthair agus, i gcás inarb iomchuí, go n-iarrtar a gcuid rannpháirtíochta le linn fianaise a ghlacadh. Féadfar an fhaisnéis sin a thabhairt ag aon am iomchuí eile freisin.

3. Má iarrtar go mbeadh na páirtithe agus a n-ionadaithe, más ann dóibh, rannpháirteach le linn fianaise a ghlacadh, cinnfidh an chúirt iarrtha na coinníollacha faoina bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach, i gcomhréir le hAirteagal 12.

4. Tabharfaidh an chúirt iarrtha fógra do na páirtithe agus dá n-ionadaithe, más ann dóibh, faoin am agus faoin áit a ndéanfar an fhianaise a ghlacadh agus, i gcás inarb iomchuí, faoi na coinníollacha faoina bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach le linn fianaise a ghlacadh, trí úsáid a bhaint as foirm I in Iarscríbhinn I.

5. Ní dochar míreanna 1 go 4 do chumas na cúirte iarrtha a iarraidh ar na páirtithe agus a n-ionadaithe, más ann dóibh, a bheith i láthair nó a bheith rannpháirteach le linn fianaise a ghlacadh má dhéantar foráil maidir leis sin i ndlí a Ballstáit.

*Airteagal 14***Glacadh fianaise agus ionadaithe na cúirte iarrthaí i láthair agus lena rannpháirtíocht**

1. I gcás ina bhfuil sé ag luí le dlí Bhallstáit na cúirte iarrthaí, beidh sé de cheart ag ionadaithe na cúirte iarrthaí a bheith i láthair le linn don chúirt iarrtha fianaise a ghlacadh.

2. Chun críocha an Airteagail seo, áirítear leis an téarma “ionadaí” comhaltaí den phearsanra breithiúnach arna n-ainmniú ag an gcúirt iarrthach i gcomhréir lena dlí náisiúnta. Féadfaidh an chúirt iarrthach aon duine eile, mar shampla saineolaí, a ainmniú chun ionadaíocht a dhéanamh thar a ceann, i gcomhréir lena dlí náisiúnta.

▼C1

3. Ina hiarraidh, cuirfidh an chúirt iarrthach an chúirt iarrtha ar an eolas, trí úsáid a bhaint as foirm A in Iarscríbhinn I, go mbeidh a hionadaithe i láthair agus, i gcás inarb iomchuí, go n-iarrtar a gcuid rannpháirtíochta le linn fianaise a ghlacadh.

▼B

4. Má iarrtar go mbeadh ionadaithe na cúirte iarrthaí rannpháirteach le linn fianaise a ghlacadh, cinnfidh an chúirt iarrtha, i gcomhréir le hAirteagal 12, na coinníollacha faoina bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach.

▼B

5. Tabharfaidh an chúirt iarrtha fógra don chúirt iarrthach faoin am agus faoin áit a ndéanfar an fhianaise a ghlacadh agus, i gcás inarb iomchuí, faoi na coinníollacha faoina bhféadfaidh a hionadaithe a bheith rannpháirteach le linn fianaise a ghlacadh, trí úsáid a bhaint as foirm I in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 15***Bearta comhéigneacha**

I gcás inar gá, agus iarraidh á forghníomhú ag an gcúirt iarrtha, cuirfidh sí na bearta comhéigneacha iomchuí i bhfeidhm sna cásanna agus a mhéid dá bhforáiltear i ndlí Bhallstát na cúirte iarrtha chun iarraidh arna déanamh chun na críche céanna ag a húdaráis náisiúnta nó ag ceann de na páirtithe lena mbaineann a fhorghníomhú.

*Airteagal 16***Diúltuithe iarrataí a fhorghníomhú**

1. Ní dhéanfar iarraidh ar cheistiú duine a fhorghníomhú i gcás ina n-agraíonn an duine lena mbaineann an ceart diúltú fianaise a thabhairt nó ina dtoirmeasctar ar an duine sin fianaise a thabhairt:

- (a) faoi dhlí Bhallstát na cúirte iarrtha; nó
- (b) faoi dhlí Bhallstát na cúirte iarrthaí, agus i gcás inar sonraíodh ceart nó toirmeasc den sórt sin san iarraidh, nó, más gá, ar thionscnamh na cúirte iarrtha, ina bhfuil ceart nó toirmeasc den sórt sin deimhnithe ag an gcúirt iarrthach.

2. Ní fhéadfar diúltú le hiarraidh a fhorghníomhú ar fhorais seachas iad sin dá dtagraítear i mír 1 ach i gcás ina bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

- (a) ní thagann an iarraidh faoi raon feidhme an Rialacháin seo;
- (b) ní thagann forghníomhú na hiarrata faoi raon feidhme na mbreithiúna faoi dhlí Bhallstát na cúirte iarrtha;
- (c) ní chomhlíonann an chúirt iarrthach iarraidh na cúirte iarrtha an iarraidh ar ghlacadh fianaise a chur i gcrích de bhun Airteagal 10 laistigh de 30 lá tar éis don chúirt iarrtha iarraidh uirthi sin a dhéanamh; nó
- (d) ní dhéantar éarlais nó réamhíocaíocht arna hiarraidh i gcomhréir le hAirteagal 22(3) laistigh de 60 lá tar éis don chúirt iarrtha éarlais nó réamhíocaíocht den sórt sin a iarraidh.

3. Ní dhiúltóidh cúirt iarrtha iarraidh a fhorghníomhú ar an bhforas go bhfuil, faoina dlí náisiúnta, dlínse eisiach ag cúirt eile de chuid an Bhallstáit sin ar ábhar an cháis nó nach gceadaítear an ceart caingin i leith an ábhair sin faoi dhlí an Bhallstáit sin agus ar an bhforas sin amháin.

▼B

4. Má dhiúltaítear an iarraidh a fhorghníomhú ar cheann de na forais dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh an chúirt iarrtha sin in iúl don chúirt iarrthach laistigh de 60 lá tar éis don chúirt iarrtha an iarraidh a fháil, trí úsáid a bhaint as foirm K in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 17***Fógra a thabhairt faoin moill**

Mura bhfuil an chúirt iarrtha in ann an iarraidh a fhorghníomhú laistigh de 90 lá tar éis an iarraidh a fháil, cuirfidh sí an chúirt iarrthach ar an eolas faoi sin trí úsáid a bhaint as foirm J in Iarscríbhinn I. Má dhéanann sí amhlaidh, tabharfaidh sí na forais leis an moill mar aon leis an méid ama a mheasann sí a bheidh de dhíth uirthi chun an iarraidh a fhorghníomhú.

*Airteagal 18***An nós imeachta tar éis fhorghníomhú na hiarrata**

Seolfaidh an chúirt iarrtha chuig an gcúirt iarrthach na doiciméid lena ndeimhnítear gur forghníomhaíodh an iarraidh, gan mhoill, agus, i gcás inarb iomchuí, seolfaidh sí na doiciméid a fuair sí ón gcúirt iarrthach ar ais chuici. Beidh deimhniú ar fhorghníomhú ag gabháil leis na doiciméid sin, trí úsáid a bhaint as foirm K in Iarscríbhinn I.

*ROINN 4****Fianaise a ghlacadh go díreach ag an gcúirt iarrthach agus fianaise a ghlacadh ag gníomhaithe taidhleoireachta nó ag oifigigh chonsalacha****Airteagal 19***Fianaise a ghlacadh go díreach ag an gcúirt iarrthach**

1. I gcás ina n-iarrann cúirt go nglacfaí fianaise go díreach i mBallstát eile, cuirfidh sí iarraidh faoi bhráid chomhlacht lárnach nó údarás inniúil an Bhallstáit sin, trí úsáid a bhaint as foirm L in Iarscríbhinn I.

2. Ní fhéadfar fianaise a ghlacadh go díreach ach amháin más féidir í a ghlacadh ar bhonn deonach gan bearta comhéigneacha a úsáid.

I gcás nach mór duine a cheistiú mar gheall ar fhianaise a bheith á glacadh go díreach, cuirfidh an chúirt iarrthach an duine sin ar an eolas go ndéanfar an fhianaise a ghlacadh ar bhonn deonach.

3. Déanfaidh comhalta den phearsanra breithiúnach nó aon duine eile, amhail saineolaí, a ainmneofar i gcomhréir le dlí Bhallstát na cúirte iarrthaí, fianaise a ghlacadh go díreach.

4. Laistigh de 30 lá tar éis an iarraidh a fháil ar fhianaise a ghlacadh go díreach, cuirfidh comhlacht lárnach nó údarás inniúil an Bhallstáit iarrtha an chúirt iarrthach ar an eolas i dtaobh ar glacadh leis an iarraidh agus, más gá sin, cuirfidh an comhlacht nó an t-údarás sin an chúirt iarrthach ar an eolas faoi na coinníollacha faoina nglacfar fianaise go díreach de réir dhlí a Bhallstáit, trí úsáid a bhaint as foirm M in Iarscríbhinn I.

▼B

Féadfaidh an comhlacht lárnach nó an t-údarás inniúil cúirt de chuid a Bhallstáit a shannadh chun páirt a ghlacadh i nglacadh díreach na fianaise chun a áirithiú go gcuirtear an tAirteagal seo i bhfeidhm mar is cuí agus go gcomhlíontar na coinníollacha faoina nglacfar fianaise go díreach.

5. I gcás nach bhfuil faisnéis i dtaobh ar glacadh leis an iarraidh faighte ag an gcúirt iarrthach laistigh de 30 lá tar éis na hadmhála go bhfuarthas an iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go díreach, féadfaidh sí meabhrúchán a sheoladh chuig comhlacht lárnach nó chuig údarás inniúil an Bhallstáit iarrtha. Mura bhfaigheann an chúirt iarrthach freagra laistigh de 15 lá tar éis na hadmhála go bhfuarthas an meabhrúchán, measfar go bhfuiltear tar éis glacadh leis an iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go díreach. In imthosca urghnácha, áfach, i gcás inar cuireadh cosc ar an gcomhlacht lárnach nó ar an údarás inniúil freagairt don iarraidh laistigh den sprioc tar éis an mheabhrúcháin, féadfar na forais le diúltú d'fhianaise a ghlacadh go díreach a agairt go heisceachtúil fós tráth ar bith tar éis don sprioc sin imeacht in éag go dtí go nglacfar an fhianaise go díreach go hiarbhrí.

6. Féadfaidh comhlacht lárnach nó údarás inniúil an Bhallstáit iarrtha cúirt de chuid a Bhallstáit a shannadh chun cúnaimh praiticiúil a thabhairt le linn fianaise a ghlacadh go díreach.

7. Ní fhéadfaidh comhlacht lárnach ná údarás inniúil an Bhallstáit diúltú d'iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go díreach ach amháin más fíor an méid seo a leanas:

- (a) ní thagann sí faoi raon feidhme an Rialacháin;
- (b) níl an fhaisnéis uile is gá dá dtagraítear in Airteagal 5 inti; nó
- (c) glacadh díreach na fianaise a iarradh, tá sé contrártha do phrionsabail bhunúsacha an dlí ina Bhallstát.

8. Gan dochar d'aon choinníollacha a leagtar síos i gcomhréir le mír 4, déanfaidh an chúirt iarrthach an fhianaise a ghlacadh go díreach i gcomhréir le dlí a Bhallstáit.

*Airteagal 20***Fianaise a ghlacadh go díreach trí bhíthin fiscomhdhála nó teicneolaíocht chianchumarsáide eile**

1. I gcás ina bhfuil fianaise le glacadh trí dhuine atá i láthair i mBallstát eile a cheistiú, agus go n-iarrann an chúirt go nglacfaí fianaise go díreach i gcomhréir le hAirteagal 19, déanfaidh an chúirt sin an fhianaise a ghlacadh trí úsáid a bhaint as fiscomhdháil nó teicneolaíocht chianchumarsáide eile, ar choinníoll go bhfuil teicneolaíocht den sórt sin ar fail don chúirt agus go measann an chúirt gurb iomchuí i ngeall ar dhálaí sonracha an cháis teicneolaíocht den sórt sin a úsáid.

▼B

2. Iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go díreach trí úsáid a bhaint as físchomhdháil nó teicneolaíocht chianchumarsáide eile, déanfar í trí úsáid a bhaint as foirm N in Iarscríbhinn I. An chúirt iarrthach agus comhlacht lárnach nó údarás inniúil an Bhallstáit iarrtha nó an chúirt a sannadh chun cúnamh praiticiúil a thabhairt le linn fianaise a ghlacadh go díreach, tiocfaidh siad ar chomhaontú faoi shocruithe praiticiúla maidir leis an gceistiú.

Arna iarraidh sin, tabharfar cúnamh don chúirt iarrthach ateangaire a fháil más gá.

*Airteagal 21***Fianaise a ghlacadh ag gníomhairí taidhleoireachta nó oifigigh chonsalacha**

Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh ina ndlí náisiúnta go mbeidh a gcúirteanna in ann iarraidh ar a ngníomhairí taidhleoireachta nó a n-oifigigh chonsalacha ar chríoch Bhallstáit eile agus laistigh den limistéar ina bhfuil siad creidiúnaithe fianaise a ghlacadh in áitreabh a misin taidhleoireachta nó a gconsalachta, ach amháin in imthosca eisceachtúla, gan gá a bheith le réamhiarraidh a dhéanamh, trí éisteacht a thabhairt, ar bhonn deonach agus gan bearta comhéigneacha a úsáid, do náisiúnaigh as an mBallstát arb ionadaithe dó iad i gcomhthéacs imeachtaí atá ar feitheamh i gcúirteanna an Bhallstáit arb ionadaithe dó iad. Déanfaidh an gníomhaire taidhleoireachta iarrtha nó an t-oifigeach consalach iarrtha an iarraidh a fhorghníomhú i gcomhréir le dlí a Ballstáit nó le dlí a Bhallstáit.

*ROINN 5***Costais***Airteagal 22***Costais**

1. Ní bheidh forghníomhú iarrata ar fhianaise a ghlacadh go díreach i gcomhréir le hAirteagal 12 ina chúis le haon éileamh ar chánacha nó costais a aisíoc.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an chúirt iarrtha ceangal a chur go ndéanfar cánacha nó costais a aisíoc. Má éilíonn an chúirt iarrtha amhlaidh, áiritheoidh an chúirt iarrthach go ndéanfar na nithe seo a leanas a aisíoc gan mhoill:

— na táillí arna n-íoc le saineolaithe agus le hateangairí, agus

— na costais a eascraíonn as cur i bhfeidhm Airteagal 12(3) agus (4).

Is le dlí Bhallstát na cúirte iarrthaí a rialófar an oibleagáid atá ar na páirtithe táillí nó costais den sórt sin a íoc.

3. I gcás ina bhfuil tuairim saineolaí de dhíth, sula bhforghníomhóidh sí an iarraidh ar fhianaise a ghlacadh, féadfaidh an chúirt iarrtha éarlais nó réamhíocaíocht leordhóthanach i leith chostais thuairim an tsaineolaí a bhfuiltear ag súil leo a iarraidh ar an gcúirt iarrthach. I ngach cás eile, ní bheidh éarlais ná réamhíocaíocht mar choinníoll le hiarraidh ar ghlacadh na fianaise a fhorghníomhú.

Is iad na páirtithe a dhéanfaidh an éarlais nó an réamhíocaíocht má dhéantar foráil ina leith i ndlí Bhallstát na cúirte iarrthaí.



CAIBIDIL III

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 23***Lámhleabhar, agus Iarscríbhinn I a leasú**

1. Déanfaidh an Coimisiún lámhleabhar a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta ina mbeidh an fhaisnéis a sholáthair na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 31 agus na comhaontuithe nó na socruithe atá i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 29(3). Cuirfidh sé an lámhleabhar ar fail go leictreonach, go háirithe tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach in Ábhair Shibhialta agus Thráchtála agus ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.
2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24 chun Iarscríbhinn I a leasú chun na foirmeacha a leagtar amach inti a thabhairt cothrom le dáta nó chun athruithe teicniúla a dhéanamh ar na foirmeacha sin.

*Airteagal 24***An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 23(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 22 Nollaig 2020. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 23(2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinsti-tiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 23(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

▼B*Airteagal 25***Gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún**

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an córas TF díláráithe, lena leagtar amach na nithe seo a leanas:
 - (a) an tsonraíocht theicniúil lena sainítear na modhanna cumarsáide trí mheán leictreonach chun críocha an chórais TF dhíláráithe;
 - (b) na sonraíochtaí teicniúla maidir le prótacail chumarsáide;
 - (c) na cuspóirí slándála faisnéise agus na bearta teicniúla ábhartha lena n-áiríthítear íoschaighdeán slándála faisnéise maidir le próiseáil agus tarchur faisnéise laistigh den chóras TF díláráithe;
 - (d) na híoschuspóirí infhaighteachta agus na ceanglais theicniúla ghaolmhara fhéideartha i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraíonn an córas TF díláráithe;
 - (e) coiste stiúrtha a bhunú a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit chun oibriú agus cothabháil an chórais TF dhíláráithe a áirithiú chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.
2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh faoin 23 Márta 2022 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 26(2).

*Airteagal 26***Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 27***Bogearraí cur chun feidhme tagartha**

1. Is é an Coimisiún a bheidh freagrach as bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt amach anseo, bogearraí a fhéadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh a chur i bhfeidhm mar chóras cúil seachas mar chóras náisiúnta TF. Is as buiséad ginearálta an Aontais a mhaoiníofar cruthú agus cothabháil na mbogearraí cur chun feidhme tagartha, agus a bhforbairt amach anseo.
2. Déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn saor in aisce, cur chun feidhme na gcomhphárteanna bogearra is bunús le pointí rochtana a chur ar fáil agus a chothabháil agus tacóidh sé leis.

*Airteagal 28***Costais an chórais TF dhíláráithe**

1. Íocfaidh gach Ballstát na costais a bhaineann le suiteáil, oibriú agus cothabháil a phointí rochtana féin lena ndéantar na córais náisiúnta TF a idirnascadh i gcomhthéacs an chórais TF dhíláráithe.

▼B

2. Íocfaidh gach Ballstát na costais a bhaineann lena chórais náisiúnta TF a bhunú agus a choigeartú chun go mbeidh siad idir-inoibritheach leis na pointí rochtana, agus íocfaidh siad na costais a bhaineann leis na córais sin a riar, a oibriú agus a chothabháil.

3. Ní dochar míreanna 1 agus 2 don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit iarratas a dhéanamh ar dheontais chun tacú leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sna míreanna sin faoi chláir airgeadais an Aontais.

*Airteagal 29***An gaol le comhaontuithe nó socrúithe idir na Ballstáit**

1. Maidir le hábhair a bhfuil feidhm aige maidir leo, beidh forlámhas ag an Rialachán seo ar fhorálacha eile atá i gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha nó i socrúithe déthaobhacha nó iltaobhacha arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit, agus go háirithe Coinbhinsiún na Háige an 1 Márta 1954 maidir le Nós Imeachta Sibhialta agus Coinbhinsiún na Háige an 18 Márta 1970 maidir le Fianaise a Ghlacadh ar an gCoigríoch in Ábhair Shibhialta nó Thráchtála, sa chaidreamh idir na Ballstáit ar páirtithe iad iontu.

2. Ní choiscfidh an Rialachán seo ar Bhallstáit comhaontuithe nó socrúithe a chothabháil nó a thabhairt i gcrích chun glacadh fianaise a éascú tuilleadh, ar choinníoll go mbeidh na comhaontuithe nó na socrúithe sin ag luí leis an Rialachán seo.

3. Seolfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas chuig an gCoimisiún:

- (a) cóip d'aon chomhaontuithe nó socrúithe dá dtagraítear i mír 2 a bheidh tugtha i gcrích idir na Ballstáit, mar aon le dréachtaí d'aon chomhaontuithe nó socrúithe den sórt sin a bhfuil sé beartaithe acu a ghlacadh; agus
- (b) aon séanadh nó aon leasuithe a rinneadh ar na comhaontuithe nó ar na socrúithe sin.

*Airteagal 30***Faisnéis arna tarchur a chosaint**

1. Aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéantar de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear malartú nó tarchur sonraí pearsanta ag na húdaráis inniúla, beidh sí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

Aon mhalartú nó tarchur faisnéise a dhéanfaidh údaráis inniúla ar leibhéal an Aontais, déanfar é i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

Sonraí pearsanta nach bhfuil ábhartha maidir le cás sonracha a láimhseáil, scriosfar iad láithreach.

2. Measfar gur rialaitheoirí de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla faoin dlí náisiúnta i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.

▼B

3. D'ainneoin mhíreanna 1 agus 2, ní úsáidfidh an chúirt iarrtha faisnéis arna tarchur faoin Rialachán seo ach amháin chun na críche ar tarchuireadh í.
4. Déanfaidh na cúirteanna iarrtha a áirithiú go bhfanfaidh faisnéis den sórt sin faoi rún i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.
5. Ní dochar míreanna 3 agus 4 do dhlíthe náisiúnta lena gcumasaítear ábhair sonraí a chur ar an eolas faoin úsáid a bhaintear as faisnéis arna tarchur faoin Rialachán seo.
6. Ní dochar an Rialachán seo do Threoir 2002/58/CE.

*Airteagal 31***Cur in iúl**

1. Cuirfidh na Ballstáit an méid seo a leanas in iúl don Choimisiún:
 - (a) an liosta a tharraingítear suas de bhun Airteagal 3(2) lena léirítear dlínse chríochach agus, i gcás inarb infheidhme, dlínse speisialta na gcúirteanna;
 - (b) ainmneacha agus seoltaí na gcomhlachtaí lárnaacha agus na n-údarás inniúil arna n-ainmniú de bhun Airteagal 4(3), agus a ndlínse chríochach á léiriú;
 - (c) na modhanna teicniúla chun iarrataí a fháil atá ar fáil do na cúirteanna ar an liosta a tharraingítear suas de bhun Airteagal 3(2);
 - (d) na teangacha a nglactar leo le haghaidh na n-iarrataí, dá dtagraítear in Airteagal 6.
2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le haon athruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1.
3. Cuirfidh gach Ballstát in iúl don Choimisiún mionsonraí maidir leis na húdaráis eile atá inniúil ar fhianaise a ghlacadh chun críoch imeachtaí breithiúnacha in ábhair shibhialta agus thráchtála. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le haon athruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na mionsonraí sin.
4. I gcás ina mbeidh na Ballstáit in ann an córas TF díláraithe a oibriú tráth níos luaithe ná mar a cheanglaítear faoin Rialachán seo, féadfaidh siad fógra a thabhairt don Choimisiún ina thaobh. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil go leictreonach, go háirithe tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

*Airteagal 32***Faireachán**

1. Faoin 2 Iúil 2023, bunóidh an Coimisiún clár mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, torthaí agus tionchar an Rialacháin seo.

▼B

